



An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2022  
(OR. fr, en)

10798/22

---

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2021/0207(COD)**

---

---

**CLIMA 339  
ENV 695  
AVIATION 151  
MI 524  
IND 269  
ENER 348  
CODEC 1050**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	10509/22 ADD 2
Uimh. an doic. ón gCoim.:	10917/21 - COM (2021) 552 final
Ábhar:	An pacáiste 'Oiriúnach do 55' Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais chun astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme go hionchuí – Cur chuige ginearálta

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo, mar eolas, an téacs ar tháinig an Chomhairle (Comhshaol) ar chur chuige ginearálta ina leith maidir leis an togra thuasluaite ag an 3887ú cruinniú a bhí aici an 28 agus 29 Meitheamh 2022.

Léirítear na hathruithe i gcomparáid leis an leagan den téacs a bhí ann roimhe seo (10509/22 ADD 2), a d'eascair as an bplé a rinneadh ag an gComhairle, i gcló trom agus líne fúthu. Cuirtear in iúl le folíniú gach leasú dá ndearna an Coimisiún go dtí seo. Léirítear téacs a scriosadh le [...].

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle  
lena leasaítear Treoir 2003/87/CE  
a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais chun astaíochtaí a  
laghdú ar fud an gheilleagair  
agus beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme go hiomchuí**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1)  
de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>1</sup>,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún<sup>2</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

---

<sup>1</sup> IO C , , lch. .

<sup>2</sup> IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>3</sup>, bunaíodh córas maidir le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur chun cinn ar bhealach costéifeachtach, éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de. Áiríodh gníomhaíochtaí eitlíochta i gcóras trádála astaíochtaí an Aontais le Treoir 2008/101/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>4</sup>.
- (2) Comhaontú Pháras, a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ('UNFCCC') i mí na Nollag 2015, tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 ('Comhaontú Pháras')<sup>5</sup>. D'aontaigh na páirtithe i gComhaontú Pháras an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta. Chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, is gá do gach earnáil rannchuidiú le laghduithe astaíochtaí a bhaint amach, lena n-áirítear an eitlíocht idirnáisiúnta.
- (3) Ghlac Comhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) an Chéad Eagrán de na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta (SARPPA) maidir le Cosaint an Chomhshaoil – an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSSIA) (Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago) ag an 10ú cruinniú dá 214ú seisiún an 27 Meitheamh 2018. Leanann an tAontas agus a Bhallstáit de thacaíocht a thabhairt do CORSSIA agus iad tiomanta dá chur chun feidhme ó thús na céime píolótaí 2021 go 2023<sup>6</sup>.

---

<sup>3</sup> Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

<sup>4</sup> Treoir 2008/101/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE le go gcuirtear gníomhaíochtaí eitlíochta san áireamh sa scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal (IO L 8, 13.1.2009, lch. 3).

<sup>5</sup> Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4).

<sup>6</sup> Cinneadh (AE) 2020/954 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann leis an bhfógra a thabhairt faoi rannpháirtíocht shaorálach sa Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSSIA) ón 1 Eanáir 2021 agus an rogha a roghnaíodh chun ceanglais fritháirithe ar oibreoirí aerárthaí a ríomh le linn na tréimhse ó 2021 go 2023 (IO L 212, 3.7.2020, lch. 14).

- (4) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle<sup>7</sup>, chuir na Ballstáit Rúnaíocht ICAO ar an eolas maidir leis na héagsúlachtaí idir CORSIA agus EU ETS. Is é an cuspóir a bhí leis sin *acquis* agus spás beartais todhchaíoch an Aontais chomh maith le leibhéal uaillmhian aeráide an Aontais agus ról eisiacha Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle a chaomhnú chun cinneadh a dhéanamh maidir le hinneachar reachtaíocht an Aontais. Tar éis an leasú seo ar Threoir 2003/87/CE a ghlacadh, ba cheart fógra na n-éagsúlachtaí idir CORSIA agus EU ETS chuig Rúnaíocht ICAO a thabhairt cothrom le dáta leis an dara fógra faoi éagsúlachtaí a bheidh comhsheasmhach le dlí an Aontais chun na hathbheithnithe a rinneadh ar dhlí an Aontais a léiriú.
- (5) Tá iarrachtaí chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach i gcoilár na Teachtaireachta maidir leis an ‘gComhaontú Glas don Eoraip’, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 11 Nollaig 2019<sup>8</sup>.
- (6) Thug an tAontas faoina ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair a laghdú 55 % ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990 faoin mbliain 2030 sa ghealltanais laghdaithe cothrom le dáta a cinneadh go náisiúnta ón Aontas agus óna Bhallstáit a cuireadh faoi bhráid Rúnaíocht UNFCCC an 17 Nollaig 2020<sup>9</sup>.
- (7) Chumhdaigh an tAontas i reachtaíocht an sprioc maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair faoi 2050 i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>10</sup>. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin gealltanais ceangailteach de chuid an Aontais do laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre (astaíochtaí tar éis aistriú a asbhaint) faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030.

---

<sup>7</sup> Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle an 29 Samhain 2018 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh d’Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i leith an Chéad Eagráin de na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta maidir le Cosaint an Chomhshaoil – an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) (IO L 325, 20.12.2018, lch. 25).

<sup>8</sup> COM(2019)640 final.

<sup>9</sup> [https://www4.unfccc.int/sites/ndcstaging/PublishedDocuments/European%20Union%20First/EU\\_NDC\\_Submission\\_December%202020.pdf](https://www4.unfccc.int/sites/ndcstaging/PublishedDocuments/European%20Union%20First/EU_NDC_Submission_December%202020.pdf)

<sup>10</sup> Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach (An Dlí Aeráide Eorpach) (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

- (8) Tá an leasú seo ar Threoir 2003/87/CE dírithe ar rannchuidithe an Aontais faoi Chomhaontú Pháras agus an chreata rialála a chur chun feidhme don eitlíocht, chun sprioc cheangailteach aeráide an Aontais do 2030 laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre i gcomparáid le leibhéal 1990 faoi 2030 a bhaint amach mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/ ... .
- (9) Ba cheart don eitlíocht rannchuidiú leis na hiarrachtaí laghdaithe astaíochtaí is gá chun sprioc aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart cainníocht iomlán na lamháltas don eitlíocht a chomhdhlúthú agus a bheith faoi réir an fhachtóra laghdaithe línigh.
- (10) Chun an uailmhian aeráide mhéadaithe a bhaint amach, beidh gá a mhéid acmhainní agus is féidir a chur i dtreo an aistrithe aeráide. Dá thoradh sin, ba cheart gach ioncam ceantála nach bhfuil sannta do bhuiséad an Aontais a úsáid chun críocha a bhaineann leis an aeráid.
- (11) I gcomhréir le hAirteagal 28b(3) de Threoir 2003/87/CE, déanfaidh an tAontas measúnú ar scéim CORSIA ICAO agus cuirfidh sé chun feidhme í de réir mar is iomchuí, agus ar bhealach atá comhsheasmhach le gealltanas an Aontais maidir le laghduithe astaíochta ar fud an gheilleagair faoi 2030.
- (12) Ba cheart cainníocht iomlán na lamháltas don eitlíocht a chomhdhlúthú ag leibhéal an leithdháilte le haghaidh eitiltí a fhágann ó aeradróm atá lonnaithe in LEE agus a thuirlingíonn in aeradróm atá lonnaithe i LEE, san Eilvéis nó sa Ríocht Aontaithe. Ba cheart an leithdháileadh don bhliain 2024 a bhunú ar an leithdháileadh iomlán chuig oibreoirí aerárthaigh gníomhacha in 2023, laghdaithe faoin bhfachtóir laghdaithe línigh mar a shonraítear in Airteagal 9 de Threoir 2003/87/CE. Ba cheart an leibhéal leithdháilte a mhéadú chun na bealaí nach raibh cumhdaithe ag EU ETS sa bhliain 2023 ach a chumhdaítear in EU ETS ón mbliain 2024 ar aghaidh a chur san áireamh.
- (13) Ba cheart do cheantáil mhéadaithe ó bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an leasú seo ar Threoir 2003/87/CE a bheith mar riail do leithdháileadh lamháltas earnáil na heitlíochta, ag cur cumas na hearnála chun costas méadaithe CO<sub>2</sub> a sheoladh ar aghaidh san áireamh. Ba cheart deireadh a chur de réir a chéile leis an leithdháileadh saor in aisce ó 2024 go 2026 agus ba cheart ceantáil iomlán ó 2027 a chur chun feidhme.

(13a) An t-aistriú ó úsáid breoslaí iontaise go húsáid mhéadaitheach breoslaí inbhuanaithe eitlíochta, bheadh lámh aige i ndíchárbónú an aeriompair a bhaint amach. Ós rud é go bhfuil ardleibhéal iomaíochta ann áfach, idir oibreoirí aerárthaí, go bhfuil margadh an Aontais i dtaca le breoslaí inbhuanaithe eitlíochta á forbairt, agus i bhfianaise an difreálaigh thábhachtaigh praghais idir ceirisín iontaise agus breoslaí malartacha, ba cheart tacú leis an aistriú sin trí theaghlaim beartas ó thaobh an tsoláthair de amhail [an Rialachán ‘RefuelEU Aviation’] agus ó thaobh an éilimh de trí luaththionscnóirí a dhreasú le tacaíocht idirthréimhseach iomchuí chun na difreálaigh praghais sin a thabhairt le chéile. Dá bhrí sin, le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2030, ba cheart lamháltais a leithdháileadh ar an gcaoi chéanna le conarthaí difríochta, a chumhdaíonn cuid den difreálach praghais a bheidh fágtha idir ceirisín iontaise agus breoslaí a shainaithnítear in Airteagal 4(1) den [Rialachán ‘RefuelEU Aviation’]. Ba cheart praghas an charbóin a chur san áireamh sna lamháltais sin trí laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur chun cinn, i gcomhréir le méid na mbreoslaí a úsáidtear mar a thuairiscítear faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún. Chun na críche sin, ba cheart 20 milliún lamháltas ar a mhéad a fhorchoimeád ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2030. Ba cheart do na lamháltais sin teacht ón gcomhthiomsú iomlán lamháltas atá ar fáil agus níor cheart iad a úsáid ach amháin le haghaidh eitiltí a chumhdaítear le EU ETS agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach.

**(13b) Cé go bhfuil feidhm ag EU ETS maidir le heitiltí ó 2012, tá bearta breise sa phacáiste ‘Oiriúnach do 55’, a d’fhéadfadh, in éineacht le EU ETS, tionchar carnach a bheith acu ar an earnáil. Chun nascacht aeir a chosaint do na heitiltí a fhreastalaíonn ar réigiúin oileánacha nó ar aerfoirt bheaga, ba cheart, le sásra na Treorach seo chun an difríocht phraghais atá fágtha idir gnáthbhreosla eitlíochta agus roghanna malartacha orthu sin, drochthionchair ar nascacht aeir a theorannú agus an riosca sceite carbóin a mhaolú. Ba cheart don Choimisiún tuairisciú, faoi 2028, ar na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ar nascacht.**

- (14) Ba cheart Treoir 2003/87/CE a leasú freisin maidir le haonaid chomhlíontachta inghlactha, chun Critéir Incháilitheachta an Aonaid, ar ghlac Comhairle ICAO leo ag a 216ú seisiún i Márta 2019, a chur san áireamh mar eilimint riachtanach de CORSIA. Ba cheart d'aerlínte atá lonnaithe san Aontas a bheith in ann [...] aonaid a úsáid le haghaidh comhlíontachta maidir le heitiltí chuig nó ó thríú tíortha a mheastar go bhfuil siad rannpháirteach in CORSIA. Lena áirithiú go dtacaíonn cur chun feidhme CORSIA an Aontais le spriocanna Chomhaontú Pháras agus go dtugann sé dreasachtaí le haghaidh rannpháirtíocht leathan in CORSIA, ba cheart [...] na haonaid a thionscnamh ó stáit atá ina bPáirtithe i gComhaontú Pháras agus atá rannpháirteach in CORSIA, agus ba cheart comhaireamh dúbailte [...] aonad a sheachaint.
- (15) Chun a áirithiú go mbíonn coinníollacha aonfhoirmeacha ann chun [...] aonaid a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 11a de Threoir 2003/87/CE, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a bhronnadh ar an gCoimisiún chun liosta a ghlacadh de na [...] haonaid a mheas Comhairle ICAO a bheith iomchuí lena n-úsáid chun CORSIA a chomhlíonadh, agus a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta thuas. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>11</sup>.
- (16) Lena áirithiú go bhfuil na socrúithe is gá i bhfeidhm le go bhféadfaidh na páirtithe rannpháirteacha údarú a thabhairt, coigeartuithe tráthúla a dhéanamh le tuairisciú astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí agus aistrithe linnte arna gcumhdach ag rannchuidiú na bpáirtithe rannpháirteacha a chinntear go náisiúnta, agus comhaireamh dúbailte a sheachaint agus glanmhéadú in astaíochtaí domhanda a bhaint amach, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a bhronnadh ar an gCoimisiún chun ceanglais mhionsonraithe a leagan síos le haghaidh na socrúithe sin. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>12</sup>.

---

<sup>11</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

<sup>12</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (17) [...] Ba cheart ríomh na gceanglas fritháirimh do CORSIA [...] d'oibreoírí aerárthaí atá bunaithe san Aontas a dhéanamh [...] ar bhonn Chaighdeáin Idirnáisiúnta agus Chleachtais Mholta ICAO maidir le Cosaint an Chomhshaoil don Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta, agus é á chur san áireamh nach gcuirtear CORSIA i bhfeidhm maidir le heitiltí [...] a fhágann aeradróm atá lonnaithe i LEE agus a thuirlingíonn in aeradróm atá lonnaithe i LEE, san Eilvéis nó sa Ríocht Aontaithe [...], de bhua an phrionsabail 'clean cut'. Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun modheolaíocht a ghlacadh don ríomh agus na difríochtaí idir na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta sin agus Treoir 2003/87/CE á gcur san áireamh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (18) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh tíortha a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu a liostú chun críocha Threoir 2003/87/CE de bhun Airteagal 25a(3) den Treoir sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a bhronnadh ar an gCoimisiún chun an liosta stát a ghlacadh agus a choinneáil ar bun seachas tíortha LEE, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe, ar stáit iad a meastar go bhfuil siad rannpháirteach in CORSIA chun críocha dhlí an Aontais. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (19) Mar gheall go bhfuil sé i gceist go mbeadh úinéireacht ag tír dhúchais oibreoírí aerárthaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm CORSIA i leith na n- oibreoírí sin [...], níor cheart a éileamh ar oibreoírí aerárthaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas aonaid a chur ar ceal le haghaidh chomhlíonadh CORSIA faoin Treoir seo [...].



- (19a) Mar gheall go bhfuil sé i gceist go mbeadh úinéireacht ag tír dhúchais oibreoirí aerárthaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm CORSIA i leith na n- oibreoirí sin, [...] i gcás ina mbeidh astaíochtaí suntasacha ag oibreoir aerárthaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas mar gheall ar eitiltí laistigh de LEE, nó a fhágann aeradróm i LEE chun dul go dtí an Eilvéis nó an Ríocht Aontaithe, féadfaidh an tír ina bhfuil an t-oibreoir aerárthaí sin bunaithe fógra a thabhairt freisin faoi éagsúlachtaí i ndáil le cur i bhfeidhm CORSIA maidir le heitiltí laistigh den Eoraip. Ba cheart Treoir 2003/87/CE a choinneáil faoi athbhreithniú i bhfianaise na bhforbairtí i ndáil leis sin.
- (19b) Chun rannpháirtíocht in CORSIA a dhreasachtú agus chun nach mbeidh forluí ann idir CORSIA agus ionstraimí EU ETS i gcás na n-eitiltí céanna, níor cheart a éileamh ar oibreoirí aerárthaí lámháltais a thabhairt suas i leith astaíochtaí ó eitiltí chuig tíortha nó ó thíortha seachas tíortha LEE, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe, a mheastar a bheith rannpháirteach in CORSIA chun críocha dhlí an Aontais.
- (20) Lena áirithiú go gcaitear mar an gcéanna le gach bealach, ba cheart d'eitiltí chuig agus ó thíortha nach bhfuil CORSIA á chur chun feidhme acu chun críoch dhlí an Aontais seachas eitiltí a fhágann aeradróm atá lonnaithe i LEE agus a thuirlingíonn in aeradróm atá lonnaithe i LEE, san Eilvéis nó sa Ríocht Aontaithe, a bheith díolmhaithe ó [...] oibleagáidí lámháltais a thabhairt suas nó aonaid a chur ar ceal. Chun cur chun feidhme iomlán CORSIA, a bheidh ag tosú in 2027, a dhreasachtú, níor cheart don díolúine a bheith i bhfeidhm ach maidir le hastaíochtaí suas go dtí an 31 Nollaig 2026 le haghaidh tabhairt suas lámháltas.
- (21) Ba cheart d'eitiltí chuig agus ó Thíortha is Lú Forbairt agus Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha, mar a shainíonn na Náisiúin Aontaithe, nach bhfuil CORSIA á chur chun feidhme acu chun críoch dhlí an Aontais, seachas na stáit sin a bhfuil a OTI *per capita* cothrom le meán an Aontais nó níos mó ná meán an Aontais, a bheith díolmhaithe ó [...] oibleagáidí lámháltais a thabhairt suas nó aonaid a chur ar ceal gan dáta deiridh leis an díolúine.

- (22) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú ar mhaithe le hoibreoírí aerárthaigh a dhíolmhú ó cheanglais [...] fritháirithe mar a leagtar síos in Airteagal 12(8) de Threoir 2003/87/CE i ndáil le hastaíochtaí ó eitiltí chuig agus ó thíortha a bhfuil CORSIA á chur chun feidhme acu ar bhealach nach bhfuil chomh dian ina dhlí náisiúnta, nó a bhfuil an teip orthu forálacha CORSIA a chur i bhfeidhm ar bhealach atá cothrom do gach oibreoír aerárthaigh de bhun Airteagal 25a(7) den Treoir sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a bhronnadh ar an gCoimisiún chun aerlínte atá lonnaithe san Aontas a dhíolmhú ó cheanglais [...] fritháirithe i ndáil le hastaíochtaí ó eitiltí ina dtarlaíonn saobhadh suntasach iomaíochais chun dochair aerlínte atá lonnaithe san Aontas mar gheall ar chur chun feidhme nó cur i bhfeidhm CORSIA nach bhfuil chomh dian sa tríú tír. D'fhéadfadh cur chuige nach bhfuil chomh dian i leith [...] aonad incháilithe nó forálacha um chomhaireamh dúbailte a bheith ina gcúis le saobhadh iomaíochta. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (23) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú ar mhaithe le cothroime iomaíochta a bhunú ar bhealaí idir dhá thír éagsúla a bhfuil CORSIA á chur chun feidhme acu i gcás ina gceadaíonn na tíortha sin d'oibreoírí aerárthaigh aonaid eile a úsáid seachas iad siúd atá ar an liosta a glacadh de bhun Airteagal 11a(8) de Threoir 2003/87/CE, de bhun Airteagal 25a(8) den Treoir sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a bhronnadh ar an gCoimisiún lena cheadú d'oibreoírí aerárthaigh atá lonnaithe i mBallstát cineálacha aonaid a úsáid sa bhreis ar an liosta a glacadh de bhun Airteagal 11a(8) nó gan a bheith faoi cheangal ag coinníollacha Airteagal 11a(2) agus (3). Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (23a) Ba cheart fachtóir astaíochtaí an Cheirisín Scairdeitleáin (Jet A1 nó Jet A) faoi EU ETS a ailíniú leis an bhfachtóir astaíochtaí don bhreosla sin a bhunaítear in Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta a síníodh an 7 Nollaig 1944 (Coinbhinsiún Chicago). Ní dhéantar aon athrú ar na leibhéil leithdháilte mar thoradh ar an méadú ar fhachtóir astaíochtaí an Cheirisín Scairdeitleáin toisc go bhfuil deireadh á chur le leithdháiltí saor in aisce ar eitlíocht i bhfabhar ceantála chun níos mó laghduithe astaíochtaí a bhaint amach.

- (24) Chun cothroime iomaíochta a áirithiú ar bhealaí idir dhá thríú tír a bhfuil CORSIA á chur chun feidhme acu, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le glacadh le [...] haonaid eile ar na bealaí sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr<sup>13</sup>. Go sonrath, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (25) Ba cheart aird speisialta a dhíriú ar inrochtaineacht a chur chun cinn do na réigiúin is forimeallaí san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart maolú sealadach ó ET ETS a chur ar fáil go dtí 2030 le haghaidh astaíochtaí ó eitiltí idir aeradróm atá lonnaithe i réigiún is forimeallaí de Bhallstát agus aeradróm atá lonnaithe sa Bhallstát céanna taobh amuigh den réigiún is forimeallaí sin chun freastal ar na riachtanais is mó atá ag cónaitheoirí ó thaobh fostaíochta, oideachais agus deiseanna eile de. Ba cheart, ar na cúiseanna céanna sin, eitiltí idir aeradróim atá lonnaithe sa réigiún forimeallach céanna nó i réigiúin fhorimeallacha éagsúla sa Bhallstát céanna a chumhdach leis an maolú sin.
- (26) Tá cur chuige cuimsitheach i leith na nuálaíochta tábhachtach chun cuspóirí Chomhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach agus d'iomaíochas an tionscail Eorpaigh. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo d'earnálacha atá deacair le dícharbónú amhail an eitlíocht agus an loingseoireacht i gcás inar gá meascán d'fheabhsuithe oibríochtúla, breoslaí aeráidneodracha malartacha agus réitigh teicneolaíochta a imscaradh. Dá bhrí sin, ba cheart go n-áiritheodh Ballstáit nach gcuireann na forálacha náisiúnta trasuímh bac ar nuálaíochtaí agus go bhfuil siad neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, tacaítear leis na hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta is gá, i measc nithe eile, tríd an gCreatchlár Fis Eorpach, ina n-áirítear cistiú suntasach agus ionstraimí nua do na hearnálacha a thagann faoi ETS.

---

<sup>13</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(26a) I gcomhréir le hAirteagal 12(8) de Threoir 2003/87/CE arna leasú le Cinneadh [XXX] [2021/0204(COD)], beidh feidhm ag Airteagal 12(6) agus (7) den Treoir sin go dtí an 31 Nollaig 2024 nó go dtí deireadh thréimhse trasúimh na Treorach seo, cibé acu is túsce. Is é an 31 Nollaig 2023 spriocdháta thréimhse trasúimh na Treorach seo agus dá bhí sin beidh feidhm ag Airteagal 12(6) go (8) de Threoir 2003/87/CE sa leagan mar a bhí roimh na leasuithe a tugadh isteach leis an Treoir seo go dtí an dáta sin.

(27) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach sin a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(28) Ba cheart Treoir 2003/87/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2003/87/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3c mar a leanas:

(a) scriostar mír 2,

(b) cuirtear isteach mír 5, 5a, 5b, 6 agus 7 seo a leanas:

‘5. Cinnfidh an Coimisiún cainníocht iomlán na lamháltas le leithdháileadh i ndáil le hoibreoirí aerárthaigh don bhliain 2024 ar bhonn leithdháileadh iomlán na lamháltas i ndáil le hoibreoirí aerárthaigh a raibh gníomhaíochtaí eitlíochta á bhfeidhmiú acu a tháinig faoi Iarscríbhinn I sa bhliain 2023, arna laghdú de réir an fhachtóra laghdaithe línigh mar a shonraítear in Airteagal 9, agus foilseoidh sé an chainníocht sin, chomh maith le cainníocht an lamháltais saor in aisce a bheadh i bhfeidhm in 2024 [...] faoi na rialacha maidir le leithdháileadh saor in aisce a bheadh i bhfeidhm roimh na leasuithe a tugadh isteach leis [an Treoir leasaitheach seo].

5a. Déanfar uasmhéid 20 milliún de chainníocht iomlán na lamháltas dá dtagraítear i mír 5 don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2030 a fhorchoimeád i leith oibreoirí aerárthaí, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach maidir le cur ar bord na mbreoslaí a shainaithnítear in Airteagal 4(1) de [Rialachán ‘RefuelEU Aviation’] i gcás eitiltí atá faoi réir na gceanglas maidir le lamháltais a thabhairt suas de réir Airteagal 12(3).  
Leithdháilfear na lamháltais sin ar an gcaoi chéanna a leithdháilfear conradh difríochta chun cuid den difreálach praghais idir ceirisín iontaise a chumhdach, agus praghas an charbóin agus praghas na mbreoslaí ábhartha á gcur san áireamh. Cumhdófar leo 70 % den difreálach praghais atá fágtha idir ceirisín iontaise agus na breoslaí ábhartha **agus 100 % den difríocht phraghais atá fágtha le haghaidh ghlacadh breoslaí den sórt sin ag aerfoirt atá suite ar oileáin ar lú ná 10.000 km<sup>2</sup> iad, aerfoirt nach bhfuil mór go leor le sainiú mar aerfoirt de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 3 den eitlíocht athbhreosla nó aerfoirt atá lonnaithe i réigiún is forimeallaí.** Más rud é, i mbliain áirithe, go mbíonn an t-éileamh ar lamháltais le haghaidh cur ar bord na mbreoslaí sin níos airde ná infhaighteach lamháltas, laghdófar iad ar bhealach atá cothrom do na hoibreoirí aerárthaí uile lena mbaineann.

5b. Féadfaidh gach oibreoir aerárthaí iarratas a dhéanamh gach bliain ar leithdháileadh lamháltas i gcomhair eitiltí ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2030, ar gá lamháltais a thabhairt suas ina leith bunaithe ar chur ar bord tuairiscithe na mbreoslaí do na heitiltí sin i gcomhréir leis an úsáid a bhaintear as breoslaí mar a thuairiscítear faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún. Leithdháilfidh na Ballstáit lamháltais ar oibreoirí aerárthaí faoi réir lamháltais a bheith ar fáil agus i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa tríú fomhír.

Foilseoidh an Coimisiún san Iris Oifigiúil mionsonraí na difríochta costais idir ceirisín iontaise agus na breoslaí ábhartha ar bhonn bliantúil.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, na socruithe mionsonraithe a bhunú maidir leis an difríocht sna costais a ríomh go bliantúil agus maidir le leithdháileadh na lamháltas le haghaidh cur ar bord na mbreoslaí a shainaitnítear in Airteagal 4(1) den [Rialachán ‘ReFuelEU Aviation’] agus bunóidh sé na socruithe mionsonraithe maidir le ríomh na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a shábháiltear i gcomhréir le húsáid breoslaí mar a thuairiscítear faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún agus na socruithe chun praghas an charbóin a chur san áireamh sa leithdháileadh.

Faoi 1 Eanáir 2028, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht bhliantúil maidir le cur i bhfeidhm na míre seo agus cuirfidh sé a thorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle go tráthúil. Féadfaidh togra reachtach a bheith ag gabháil leis an tuarascáil, más iomchuí, chun dlús a chur le cur ar bord na mbreoslaí a shainaitnítear in Airteagal 4(1) den [Rialachán ‘ReFuelEU Aviation’] trí ionstraimí eile seachas lamháltais saor in aisce a leithdháileadh, i ndáil leis an athbhreithniú atá le déanamh faoi Airteagal 14 de [Rialachán ‘ReFuelEU Aviation’].

6. I ndáil le heitiltí a fhágann aeradróm atá lonnaithe i LEE a thuirlingíonn in aeradróm atá lonnaithe in LEE, san Eilvéis nó sa Ríocht Aontaithe, nach raibh cumhdaithe ag EU ETS in 2023, méadófar cainníocht iomlán na lamháltas le leithdháileadh ar oibreoirí aerárthaigh faoin leibhéal leithdháileadh, lena n-áirítear leithdháileadh saor in aisce agus ceantáil, a dhéanfaí dá mbeidís cumhdaithe ag an EU ETS sa bhliain sin, arna laghdú leis an bhfachtóir laghdaithe línigh a shonraítear in Airteagal 9.

7. De mhaolú ar Airteagail 12(3), 14(3) agus Airteagal 16 ET ETS, déanfaidh Ballstáit na ceanglais a leagtar amach sna forálacha sin atá le sásamh a mheas agus ní dhéanfaidh siad aon bheart in aghaidh oibreoirí aerárthaigh i ndáil le hastaíochtaí atá ag tarlú go dtí 2030 ó eitiltí idir aeradróm atá lonnaithe i réigiún is forimeallaí de Bhallstát agus aeradróm atá lonnaithe sa Bhallstát céanna [...] lena n-áirítear aeradróm i réigiún is forimeallaí den Bhallstát céanna.’;

(2) Leasaítear Airteagal 3d mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Sna blianta 2024 go 2026, déanfar 15 % de na lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 3c(5) agus (6) chomh maith le sciar den 85 % atá fágtha de na lamháltais, a mbeadh leithdháileadh saor in aisce i ndáil leo tarlaithe, a chur ar ceant. Leithdháilfear an chuid eile de liúntais na mblianta sin saor in aisce. Maidir leis an sciar lamháltas a mbeadh leithdháileadh saor in aisce i ndáil leo tarlaithe atá le cur ar ceant, méadófar mar a leagtar amach thíos é, do na blianta faoi seach.

In 2024, cuirfear 25 % de chainníocht na lamháltas a mbeadh leithdháileadh saor in aisce i ndáil leo tarlaithe mar a foilsíodh i gcomhréir le hAirteagal 3c, ar ceant.

[...]

[...] ‘1 a. In 2025, cuirfear 50 % de chainníocht na lamháltas a mbeadh leithdháileadh saor in aisce i ndáil leo tarlaithe sa bhliain sin, arna ríomh ón bhfoilseachán i gcomhréir le hAirteagal 3c, ar ceant.

[...] ‘1 a. In 2026, cuirfear 75 % de chainníocht na lamháltas a mbeadh leithdháileadh saor in aisce i ndáil leo tarlaithe sa bhliain sin, arna ríomh ón bhfoilseachán i gcomhréir le hAirteagal 3c, ar ceant.

[...] Ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, ceantálfar an chainníocht ar fad de na lamháltais a mbeadh leithdháileadh saor in aisce i ndáil leo tarlaithe sa bhliain sin, cé is moite de chainníocht na lamháltas dá dtagraítear in Airteagal 3c(5a).

(b) cuirtear an mhír 1a [...] seo a leanas leis:

[...] 1a. Leithdháilfear lamháltais a leithdháiltear saor in aisce ar oibreoirí aerárthaigh go comhréireach lena sciar d’astaíochtaí fíoraithe ó ghníomhaíochtaí eitlíochta tuairiscithe in 2023. Cuirfear san áireamh sa ríomh sin freisin astaíochtaí fíoraithe ó ghníomhaíochtaí eitlíochta tuairiscithe i ndáil le heitiltí nach gcumhdaítear le EU ETS ach ón 1 Eanáir 2024. Eiseoidh na húdaráis inniúla, faoin 30 Meitheamh den bhliain ábhartha, na lamháltais a leithdháiltear saor in aisce don bhliain sin.’

(c) scriostar mír 2,

(d) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 mar fhorlíonadh leis an Treoir seo a bhaineann leis na socrúithe mionsonraithe maidir le ceantáil ag Ballstáit lamháltais eitlíochta i gcomhréir le míreanna 1 [...] agus 1a den Airteagal seo, lena n-áirítear módúlachtaí na ceantála ar gá leo [...] chun sciar ioncaim a aistriú ón gceantáil sin chuig buiséad ginearálta an Aontais mar acmhainní dílse i gcomhréir le hAirteagal 311(3) CFAE.’,

(da) i mír 3, sa tríú habairt, cuirtear na focail ‘Do gach tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 13.’, in ionad ‘Don tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 3c(1), is é 2010 an bhliain tagartha, agus do gach tréimhse ina dhiaidh sin dá dtagraítear in Airteagal 3c’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:



‘4. Cinnfidh Ballstáit an úsáid a bhainfear as ioncam a ghintear ó cheantáil lamháltas a chumhdaítear sa Chaibidil seo, seachas le haghaidh na n-ioncam a bhunaítear mar acmhainní dílse i gcomhréir le hAirteagal 311(3) den Chonradh agus iontráilte i mbuiséad ginearálta an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit [...] leas a bhaint as na hioncaim [...] a ghintear ó lamháltais a cheantáil i gcomhréir le hAirteagal 10(3).’;

(3) Scriostar Airteagail 3e agus 3f;

[...] <sup>14</sup>

(5) Leasaítear Airteagal 11a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 3:

‘1. Faoi réir mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, beidh oibreoirí aerárthaigh a bhfuil deimhniú aeroibreora acu a d’eisigh Ballstát nó **atá** cláraithe i mBallstát, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, spleáchais agus críocha an Bhallstáit sin, in ann na haonaid seo a leanas a úsáid chun a n-oibleagáidí aonaid a chealú i leith na gcainníochtaí dá dtugtar fógra mar a leagtar síos in Airteagal 12 (8) [...] a chomhlíonadh.;

(a) creidmheasanna atá údaraithe ag páirtithe atá rannpháirteach sa sásra arna bhunú faoi Airteagal 6(4) de Chomhaontú Pháras;

(b) creidmheasanna atá údaraithe ag páirtithe atá rannpháirteach i gcláir chreidmheasa a mheas Comhairle ICAO go raibh siad incháilithe mar a sainithníodh sa ghníomh cur chun feidhme a glacadh de bhun mhír 8;

---

<sup>14</sup> Déantar an togra céanna sa Treoir leasaitheach ghinearálta, in Airteagal 1(8), agus tugtar bonn cirt leis in aithris (25) a ghabhann leis an togra sin. Ós rud é go bhfuil an dá chomhad á láimhseáil i gcomhthráth, moltar nach ndéanfaí an t-athrú ar sa togra eile ach amháin i gcás ina bhfuil bonn cirt leis sna haithrisí.

(c) creidmheasanna atá údaraithe ag comhaontuithe páirtithe de bhun mhír 5;

(d) creidmheasanna a eisíodh i ndáil le tionscadail ar leibhéal an Aontais de bhun Airteagal 24a.

2. Féadfar na haonaid dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b) a úsáid má shásaítear na coinníollacha a leanas:

(a) tionscnaítear iad ó thír atá ina páirtí i gComhaontú Pháras tráth na húsáide;

(b) tionscnaíonn siad ó thír atá liostaithe sa ghníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 25a(3) mar thír atá rannpháirteach sa Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSA). Ní bheidh feidhm ag an gcoinníoll seo i ndáil le hastaíochtaí roimh 2027, ná ní bheidh feidhm aige maidir le Tíortha is Lú Forbairt agus Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha, mar a shainíonn na Náisiúin Aontaithe, seachas na tíortha sin a bhfuil a OTI *per capita* cothrom le meán an Aontais nó níos mó ná meán an Aontais.

3. Féadfar na haonaid dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c) a úsáid má tá na socrúithe is gá i bhfeidhm le go bhféadfaidh na páirtithe rannpháirteacha údarú a thabhairt, má dhéantar coigeartuithe tráthúla ar thuairisciú astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí agus aistrithe linnte a chumhdaítear le rannchuidiú na bpáirtithe rannpháirteacha a chinntear go náisiúnta, agus go seachnaítear comhaireamh dúbailte agus glanmhéadú in astaíochtaí domhanda.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina leagfar síos ceanglais níos mionsonraithe le haghaidh na socrúithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ina bhféadfaí ceanglais tuairiscithe agus clárlainne a áireamh, agus le haghaidh na stáit nó cláir a chuireann na socrúithe seo i bhfeidhm. Cuirfear san áireamh i socrúithe na solúbthachtaí atá ar fáil do Thíortha is Lú Forbairt agus Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha i gcomhréir le mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).’;

(c) scriostar mír (4),

(d) cuirtear an mhír 8 seo a leanas leis:

‘8. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina liostófar [...] aonaid, a mheas Comhairle ICAO a bheith incháilithe, agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 2 agus 3. Leasóidh an Coimisiún an liosta sin de réir mar is iomchuí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).’;

(6) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. I gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar síos sa [...] ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7, ríomhfaidh na Ballstáit an fritháireamh gach bliain don bhliain féilire roimhe sin i leith eitiltí chuig na tíortha, ó na tíortha agus idir na tíortha a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3) agus i leith eitiltí idir an Eilvéis nó an Ríocht Aontaithe agus tíortha a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3) [...] agus faoin 30 Samhain gach bliain, cuirfidh siad na hoibreoirí aerárthaí ar an eolas.

I gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7, ríomhfaidh na Ballstáit freisin na ceanglais iomlána fritháirimh deiridh a bhaineann le tréimhse comhlíonta CORSIA ar leith agus cuirfidh siad na hoibreoírí aerárthaí ar an eolas faoin 30 Samhain den bhliain tar éis na bliana deireanaí de thréimhse comhlíonta CORSIA ábhartha.

Cuirfidh na Ballstáit oibreoírí aerárthaí a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas ar an eolas faoi leibhéal an fhritháirimh:

- (a) go bhfuil deimhniú aeroibreora a d'eisigh Ballstát ag an oibreoír aerárthaigh nó go bhfuil sé cláraithe i mBallstát, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, spleáchais agus críocha an Bhallstáit sin;
- (b) go dtáirgeann siad astaíochtaí bliantúla CO<sub>2</sub> níos mó ná 10 000 tona ó úsáid aerárthaí le huasmhais deimhnithe éirí de thalamh níos mó ná 5 700 kg acu ag tabhairt faoi eitiltí a chumhdaítear in Iarscríbhinn I, seachas iad sin a fhágann agus a thuirlingíonn sa Bhallstát céanna (lena n-áirítear réigiúin is forimeallaí an Bhallstáit chéanna), ón 1 Eanáir 2019.

Chun críocha na chéad fómhíre, pointe (b), ní thabharfar san áireamh astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó na cineálacha eitiltí a leanas:

- (i) eitiltí stáit;
- (ii) eitiltí daonnúla;
- (iii) eitiltí leighis;
- (iv) eitiltí míleata;
- (v) eitiltí comhraic dóiteáin.?

(b) cuirtear an mhír 7 agus an mhír 8 seo a leanas leis:

‘7. [...] Déanfar ríomh na bhfreagrachtaí fritháirimh [...] dá dtagraítear i mír 6 chun críoch [...] scéim ICAO, is é sin Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta, i ndáil le heitiltí chuig na tíortha a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3), agus ó na tíortha sin agus idir na tíortha sin agus i ndáil le heitiltí idir an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe agus tíortha a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3). [...]

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina sonrú tuilleadh mionsonraí faoin modheolaíocht chun ceanglais fritháirimh ar oibreoirí aerárthaí a ríomh. Beidh na gníomhartha cur chun feidhme sin bunaithe ar an modheolaíocht dá dtagraítear sna Caighdeáin Idirnáisiúnta agus sna Cleachtais Mholta maidir le Cosaint an Chomhshaoil don Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta [...] dá dtagraítear san fhómhír roimhe seo. Ba cheart a bheith iontu, áfach, na hoiriúnuithe is gá ar an modheolaíocht chun comhlíonadh fhorálacha na Treorach seo a áirithiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).

Glacfar an chéad gníomh cur chun feidhme sin faoin 1 Bealtaine 2024 [1 Bealtaine 2024]. Áiritheoidh an Coimisiún nach mbeidh aon oibreoir aerárthaí a chumhdaítear faoi mhír 6 den Airteagal seo faoi réir freagrachtaí fritháirimh de bhreis ar a n-oibleagáid, agus lena ndéanfaí forluí ar a n-oibleagáid, lamháiltais a thabhairt suas i gcomhréir leis an Treoir seo i ndáil leis na heitiltí céanna le linn thréimhse comhlíonta CORSIA 2021-2023. ’

8. [...] Maidir le hoibreoírí aerárthaí a bhfuil deimhniú aeroibreora acu a d'eisigh Ballstát nó **atá** cláraithe i mBallstát, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, spleáchais agus críocha an Bhallstáit sin, ní chealóidh siad na haonaid dá dtagraítear in Airteagal 11d ach amháin i leith na cainníochta ar thug an Ballstát sin fógra ina leith, i gcomhréir le mír 6, i dtaca le tréimhse chomhlíonta ábhartha CORSIA [...]. Tarlóidh an cealú faoin 31 Eanáir 2025 le haghaidh astaíochtaí sa tréimhse ó 2021 go 2023, faoin 31 Eanáir 2028 le haghaidh astaíochtaí sa tréimhse ó 2024 go 2026, faoin 31 Eanáir 2031 le haghaidh astaíochtaí sa tréimhse ó 2027 go 2029, [...] faoin 31 Eanáir 2034 le haghaidh astaíochtaí sa tréimhse ó 2030 go 2032, agus faoin 31 Eanáir 2037 le haghaidh astaíochtaí sa tréimhse ó 2033 go 2035,';

(7) Leasaítear Airteagal 18a [...] mar a leanas:

(a) Sa chéad abairt de mhír 2, cuirtear na focail 'tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 13' in ionad na bhfocal 'tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 3c'

(b) Mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) amhail ó 2024, ar a laghad gach dhá bhliain, an liosta a nuashonrú chun oibreoírí aerárthaí a rinne gníomhaíocht eitlíochta, a liostaítear in Iarscríbhinn I, ina dhiaidh sin a áireamh. I gcás nach ndearna oibreoír aerárthaí gníomhaíocht eitlíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I le linn na 4 bliana féilire as a chéile sular nuashonraítear an liosta, ní chuirfear an t-oibreoír aerárthaí sin ar an liosta nuashonraithe.';

(8) Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 3d(3), 10(4), 10a(1) agus (8), 10b(5), [...] 19(3), Airteagal 22, Airteagail 24(3), 24a(1), 25a(1) agus Airteagal 28c a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ón 8 Aibreán 2018.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3d(3), 10(4), 10a(1) agus (8), 10b(5), [...] 19(3), Airteagal 22, Airteagal 24(3), 24a(1), 25a(1) agus Airteagal 28c a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 3d(3), 10(4), 10a(1) agus (8), 10b(5), [...], 19(3), Airteagal 22, Airteagal 24(3), 24a(1), 25a(1) agus Airteagal 28c i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’;

(9) Cuirtear mír 3 [...] go mír 8 seo a leanas le hAirteagal 25a:

‘3. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme ina liostófar tíortha seachas tíortha LEE, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe, a meastar a bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu chun críocha na Treorach seo, [...]. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).

4. I dtaca le hastaíochtaí ó eitiltí chuig tíortha nó ó thíortha a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 3, ní cheanglófar ar oibreoirí aerárthaí [...] lamháltais a thabhairt suas i gcomhréir le hAirteagal 12(3) [...] i leith na n-astaíochtaí sin.

5. Maidir le hastaíochtaí a tharlaíonn go dtí an 31 Nollaig 2026 ó eitiltí idir LEE agus tíortha nach bhfuil liostaithe sa ghníomh cur chun feidhme a glacadh de bhun mhír 3, seachas eitiltí chuig an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe, ní éileofar ar oibreoirí aerárthaigh lamháltais a thabhairt suas de réir Airteagal 12(3) i leith na n-astaíochtaí sin [...].
6. Maidir le hastaíochtaí ó eitiltí chuig agus ó Thíortha is Lú Forbairt agus Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha, mar a shainíonn na Náisiúin Aontaithe, seachas iad sin atá liostaithe sa ghníomh cur chun feidhme a glacadh de bhun mhír 3 agus na stáit sin a bhfuil a OTI *per capita* cothrom agus le meán an Aontais nó níos mó, ní éileofar ar oibreoirí aerárthaigh lamháltais a thabhairt suas de réir Airteagal 12(3) i leith na n-astaíochtaí sin [...].
7. I gcás ina gcinneann an Coimisiún go bhfuil saobhadh suntasach iomaíochta a dhéanann dochar d'oibreoirí aerárthaigh a bhfuil deimhniú aeroibreora acu a d'eisigh Ballstát nó **atá** cláraithe i mBallstát, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, spleáchais agus críocha an Bhallstáit sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na hoibreoirí aerárthaigh a dhíolmhú ó na ceanglais tabhairt suas mar a leagtar síos in Airteagal 12(8) i ndáil le hastaíochtaí ó eitiltí chuig agus ó na tíortha sin. D'fhéadfadh an saobhadh iomaíochta tarlú mar gheall ar thríú tír a chuireann CORSIA i bhfeidhm ar bhealach nach bhfuil chomh dian ina dhlí náisiúnta, nó má theipeann ar thír forálacha CORSIA a chur chun feidhme ar bhealach atá cothrom le haghaidh gach oibreoir aerárthaigh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).
8. I gcás oibreoirí aerárthaigh a bhfuil deimhniú aeroibreora acu a d'eisigh Ballstát nó **atá** cláraithe i mBallstát, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, spleáchais agus críocha an Bhallstáit sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gceadófar do na hoibreoirí aerárthaí sin cineálacha aonaid a úsáid de bhreis ar an liosta sin nó gan a bheith faoi cheangal ag coinníollacha Airteagal 11a(2) agus (3) i ndáil le hastaíochtaí ó na heitiltí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).



(9a) In Airteagal 28a(6), cuirtear ‘De mhaolú ar Airteagail 12, 15 agus 18a’ in ionad na bhfocal ‘De mhaolú ar Airteagail 3g, 12, 15 agus 18a’

**(9b) In Airteagal 30, cuirtear an mhír seo a leanas leis:**

**6. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi 2028 ar thionchar na treorach seo ar nascacht d’oileáin agus do chríocha iargúlta, ar iomaíochas agus ar an riosca sceite carbóin.**

(10) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) Sa tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír den iontráil ‘Eitlíocht’ den cholún ‘Gníomhaíochtaí’<sup>15</sup>:

‘Eitiltí idir aeradróim atá suite in dhá thír éagsúla a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3) agus eitiltí idir an Eilvéis nó an Ríocht Aontaithe agus tíortha a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3) agus, chun críoch Airteagal 12(6), 12(7) agus 28c, agus aon eitilt eile idir aeradróim atá suite in dhá thríú tír éagsúla ag oibreoirí aerárthaí a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) go bhfuil deimhniú aeroibreora a d’eisigh Ballstát ag an oibreoir aerárthaigh nó go bhfuil sé cláraithe i mBallstát, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, spleáchais agus críocha an Bhallstáit sin;

---

<sup>15</sup> Tugadh isteach leis an gcinneadh maidir le fógra san fhoclaíocht a d’fhormheas Coreper in 9366/22 – ag brath ar thoradh deiridh na caibidlíochta maidir le 2021/0204(COD).

(b) go dtáirgeann siad astaíochtaí bliantúla CO<sub>2</sub> níos mó ná 10 000 tona ó úsáid aerárthaí le huasmhais deimhnithe éirí de thalamh níos mó ná 5 700 kg acu ag tabhairt faoi eitiltí a chumhdaítear in Iarscríbhinn I, seachas iad sin a fhágann agus a thuirlingíonn sa Bhallstát céanna (lena n-áirítear réigiúin is forimeallaí an Bhallstáit chéanna), ón 1 Eanáir 2019. Chun críocha an phointe seo, ní chuirfear san áireamh astaíochtaí ó na cineálacha eitiltí a leanas: (i) eitiltí stáit; (ii) eitiltí daonnúla; (iii) eitiltí leighis; (iv) eitiltí míleata; (v) eitiltí comhraic dóiteáin.’.

(b) Sa tábla, sa cholún ‘Gníomhaíochtaí’ san iontráil ‘Eitlíocht’, i bpointe (i), cuirtear ‘50 000’ in ionad an fhocail ‘30 000’;

(10a) Scriostar Iarscríbhinn Ia<sup>16</sup>.

(11) Cuirtear an abairt seo a leanas in Iarscríbhinn IV, Cuid B, ag deireadh an chúigiú mír:

‘Is é 3,16 (t CO<sub>2</sub>/t breosla) fachtóir astaíochtaí an Cheirisín Scairdeitleáin (Jet A1 nó Jet A).’.

## *Airteagal 2*

1. Cuirfidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha reachtaíochta i bhfeidhm a bhfuil gá leo chun an Treoir seo a chomhlíonadh faoin 31 Nollaig 2023. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

---

<sup>16</sup> Tugadh isteach leis an gcinneadh maidir le fógra san fhoclaíocht a d’fhorhmeas Coreper in 9366/22.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*

\_\_\_\_\_